Cás na Gréige

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi phacáiste tarrthála na Gréige. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal seo. Scríobhaigí na leaganacha Béarla in aice leo.

1. ag cur bailchríche _____
2. ciorruithe _____
3. i dtoll a chéile _____
4. fiachais na tíre _____
5. imghabháil cánach _____
6. sócmhainní stáit _____
7. córas baincéireachta _____
8. An Triúracht _____
9. comhdháil _____
10. pacáiste tarrthála _____

Féachaigí ar an tuairisc den chéad uair. An dtuigeann sibh na focail anois?

Ceist 2 An féidir leat na hinstitiúidí / na heagraíochtaí a cheangal leis na sainmhínithe cuí?

An Banc Ceannais Eorpach	Eagraíocht idirnáisiúnta a bunaíodh chun cobhsaíocht (*stability*) airgeadaíochta a chur i bhfeidhm go domhanda.
An Coimisiún Eorpach	Tá sé i gceannas ar bheartas airgeadaíochta limistéar an Euro.
An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta	Is é comhlacht feidhmiúcháin na hEorpa é atá freagrach as gnó laethúil na hEorpa.

Cuir an fhoirm cheart de na hinstitiúidí sna bearnaí anois. Éist leis an gcéad chuid den mhír arís mura bhfuil tú cinnte.

faoi bhráid _____
faoi bhráid _____
faoi bhráid _____

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

a) Cad atá sa liosta atá na Gréagaigh a chur le chéile agus cén fáth a bhfuil sé á chur le chéile acu?

b) Cad a gheallfaidh an Ghréig do bhaill stáit eile na hEorpa?

c) Cad a dhíolfaidh an Ghréig chun cabhrú leo déileáil leis an ngéarchéim?

d) Cad a dúirt an Ghréig faoin Triúracht?

e) Cad a tharlóidh má ghlacann airí airgeadais na hEorpa leis an bplean? Agus cad a tharlóidh mura nglacfaidh?

Ceist 4 Féach ar na habairtí seo a bhí sa tuairisc agus freagair an cheist.

- ✓ ***Má ghlactar*** *leis an bplean,* ***cuirfear*** *síneadh ceithre mhí le pacáiste tarrthála na Gréige.*
- ✓ ***Mura nglacfar****,* ***beidh*** *imní mhór arís ann nach mbeidh de rogha ag an nGréig ach imeacht as an Euro.*

Cad is féidir leat a rá faoi na habairtí thuas? Féach ar an gcló dubh!

Ceist 5 An séimhiú arís! Cén fáth a bhfuil séimhiú sna samplaí seo thíos? Pléigh do chuid tuairimí leis an duine in aice leat.

- an Ghréig
- faoi bhráid
- ar gheilleagar na tíre
- a sheachain
- mar chuid
- ceithre mhí
- imní mhór

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa:

- Cad iad na buntáistí a bhaineann le bheith mar bhall den Aontas Eorpach?
- Cad iad na míbhuntáistí a bhaineann le bheith mar bhall den Aontas Eorpach?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1. ag cur bailchríche	*putting finishing touches*
2. ciorruithe	*cutbacks*
3. i dtoll a chéile	*together*
4. fiachais na tíre	*the country's liabilities*
5. imghabháil cánach	*tax evasion*
6. sócmhainní stáit	*state assets*
7. córas baincéireachta	*banking system*
8. An Triúracht	*The Troika*
9. comhdháil	*conference*
10. pacáiste tarrthála	*bailout package*

Ceist 2

An Banc Ceannais Eorpach	Tá sé i gceannas ar bheartas airgeadaíochta limistéar an Euro.
An Coimisiún Eorpach	Is é comhlacht feidhmiúcháin na hEorpa é atá freagrach as gnó laethúil na hEorpa.
An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta	Eagraíocht idirnáisiúnta a bunaíodh chun cobhsaíocht (*stability*) airgeadaíochta a chur i bhfeidhm go domhanda.

-faoi bhráid an Bhainc Cheannais Eorpaigh
-faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh
-faoi bhráid an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
Má ghlactar *leis an bplean,* ***cuirfear*** *síneadh ceithre mhí le pacáiste tarrthála na Gréige.*

- ✓ Úsáidtear an aimsir láithreach le ***má*** chun tagairt a dhéanamh don am le teacht. Nuair atá ***má + an aimsir láithreach*** sa chéad chlásal, is minic a bhíonn an aimsir fháistineach sa dara clásal.
- ✓ Leanann séimhiú ***má*** san aimsir láithreach ach amháin leis na briathra ***bí*** agus ***abair***. Mar shampla:
  Má tá an aimsir go maith, rachaidh muid ann ***agus***
  Má deir sí gan dul, ná himigh

Mura nglacfar*,* ***beidh*** *imní mhór arís ann nach mbeidh de rogha ag an nGréig ach imeacht as an Euro.*

- ✓ Úsáidtear ***mura*** i ngach aimsir ach amháin san aimsir chaite. Úsáidtear ***murar*** san aimsir chaite.
- ✓ Leanann urú ***mura*** agus leanann séimhiú ***murar***.

Ceist 5

- an Ghréig (Is focal baininscneach é ‘An Ghréig’ agus séimhítear an chéad chonsan tar éis an ailt dá bharr sin)
- faoi bhráid (Séimhítear ainmfhocail a leanann ***faoi***)
- ar gheilleagar na tíre (Séimhítear ainmfhocail a leanann ***ar,*** nuair is ionad áirithe é)
- a sheachain (Séimhítear an briathar san aimsir chaite)
- mar chuid (Séimhítear ainmfhocail a leanann ***mar***)
- ceithre mhí (Séimhítear an t-ainmfhocal tar éis na mbunuimhreacha 2-6)
- imní mhór (Séimhítear an aidiacht a leanann ainmfhocal baininscneach)

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tuairiscítear go bhfuil an Ghréig ag cur bailchríche ar liosta ciorruithe atáthar sásta a chur i bhfeidhm sa tír ar mhaithe le síneadh a fháil ar a bpacáiste tarrthála. Cuirfear an liosta faoi bhráid an Bhainc Cheannais Eorpaigh, an Choimisiúin Eorpaigh agus an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta inniu.

Tá go dtí meán oíche ag an nGréig moltaí a chur i dtoll a chéile le dul i ngleic le fiachais na tíre. Tuairiscítear go bhfuiltear ag cur bailchríche le leasuithe atá molta acu a dhéanamh ar gheilleagar na tíre; atá le cur faoi bhráid na Bruiséile. Meastar gur moltaí ginearálta go maith atá iontu, ach go mbeidh geallúint[1] ann go rachfar i ngleic le himghabháil cánach, a d'fhéadfadh na billiúin euro a shábháil.

Bheadh sé i gceist freisin ag an nGréig sócmhainní stáit a dhíol. Thángthas ar shocrú deireanach Dé hAoine a sheachain tubaiste i gcóras baincéireachta na tíre. Agus, mar chuid den socrú sin, dúirt an Ghréig go mb'fhearr leo a gcuid ciorruithe féin a dhéanamh seachas iad a bheidh socraithe dóibh ag an Triúracht.

Deir an Ghearmáin go mbeidh comhdháil fóin ag airí gnóthaí airgeadais Ghrúpa an Euro amárach leis an scéal a phlé. Má ghlactar leis an bplean, cuirfear síneadh ceithre mhí le pacáiste tarrthála na Gréige. Mura nglacfar, beidh imní mhór arís ann nach mbeidh de rogha ag an nGréig ach imeacht as an Euro.

[1] *gealltanas* atá sa Chaighdeán Oifigiúil